



An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2020  
(OR. en)

8682/20

SOC 401  
EMPL 317  
ECOFIN 489  
EDUC 253  
JEUN 50

## NÓTA

---

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: na toscaireachtaí

---

Uimh. an doic. 8323/1/20 REV 1  
roimhe seo:

---

Ábhar: Athsciliú agus uas-sciliú mar bhonn chun an inbhuanaitheacht agus an infhostaitheacht a mhéadú, i gcomhthéacs tacú leis an téarnamh eacnamaíoch agus leis an gcomhtháthú sóisialta  
- Conclúidí ón gComhairle (8 Meitheamh)

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir leis an athsciliú agus uas-sciliú mar bhonn chun an inbhuanaitheacht agus an infhostaitheacht a mhéadú, i gcomhthéacs tacú leis an téarnamh eacnamaíoch agus leis an gcomhtháthú sóisialta, faoi mar a formheasadh leis an nós imeachta i scríbhinn an 8 Meitheamh 2020 iad.

**Athsciliú agus uas-sciliú mar bhonn chun an inbhuanaitheacht agus an infhostaitheacht a mhéadú, i gcomhthéacs tacú leis an téarnamh eacnamaíoch agus leis an gcomhtháthú sóisialta**

Conclúidí ón gComhairle

Á MHEABHRÚ DI an méid seo a leanas

1. Deir an chéad phrionsabal de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta go bhfuil cách i dteideal oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil atá ar ardchaighdeán agus cuimsitheach d'fhonn scileanna a choinneáil agus a fháil a chuirfidh ar a gcumas a bheith rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí agus oiriúnú mar is cuí don mhargadh saothair.
2. Tiomnaíonn Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe do 2030 don oideachas cuimsitheach cothrom ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar gach leibhéal agus do chur chun cinn deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil do chách, go háirithe dóibh siúd atá i staideanna leochaileacha.
3. Aithnítear sa Chlár Oibre Straitéiseach Nua 2019-2024 gur gá dlús a chur le hinfheistíochtaí i scileanna agus in oideachas daoine ionas go mbeidh ar a gcumas tairbhe a bhaint as na deiseanna a chruthaítear le claochluithe eacnamaíocha agus sochaíocha.
4. I Moladh 2016 ón gComhairle maidir le 'Conairí Uas-scilithe: Deiseanna Nua do Dhaoine fásta' iarrtar ar na Ballstáit tacú le daoine fásta a bhfuil leibhéal ísle scileanna agus cáilíochtaí acu chun íosleibhéal litearthachta, uimhearthachta agus scileanna digiteacha a bhaint amach agus/nó chun riar níos leithne scileanna a bhaint amach trí dhul i dtreo cáilíochtaí níos airde.
5. I dTreoirlínte Fostaíochta 2019 (Treoirlíne Chomhtháite 6) iarrtar ar na Ballstáit an táirgiúlacht agus an infhostaitheacht a chur chun cinn, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, le soláthar iomchuí eolais, scileanna agus inniúlachtaí ábhartha le linn saol oibre daoine a fhreagraíonn do riachtanais an mhargaidh saothair faoi láthair agus amach anseo.

6. Cuirtear in iúl sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip go mbeidh gá le hathruithe i scileanna agus i ndearcthaí na ndaoine gan beann ar aois mar aon le cláir uailmhianacha chun an lucht saothair a athsciliú agus a uas-sciliú más mian linn aistriú éifeachtach atá cóir go sóisialta a bhainistiú. Sa Teachtaireacht fógraítear bunú an Chiste Aistrithe Chóir, forbairt creata tiomnaithe Eorpaigh um inniúlacht agus nuashonrú an Chláir Oibre Scileanna agus na Ráthaíochta don Aos Óg. Sa Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an Ciste Aistrithe Cóir áirítear uas-sciliú agus athsciliú oibrithe i measc na ngníomhaíochtaí atá incháilithe le haghaidh tacaíochta.
7. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Nua Tionsclaíochta don Eoraip luaitear go bhfuil lucht saothair oile ag teastáil ó thionscal Eorpach iomaíoch a urramaíonn na caighdeáin shóisialta, saothair agus chomhshaoil is airde, lucht saothair atá in ann a dtacair scileanna a oiriúnú d'athruithe radacacha. Moltar inti gur cheart don tionscal, d'údaráis náisiúnta, do chomhpháirtithe sóisialta agus do gheallsealbhóirí eile a bheith páirteach i gComhshocrú do Scileanna, lena scaoilfí infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha chun an lucht saothair a uas-sciliú agus a athsciliú<sup>1</sup>.
8. Tugtar faoi deara sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis FBM d'Eoraip inbhuanaithe dhigiteach go bhfuil dúshlán ar leith ag baint leis na haistrithe digiteacha agus glasa d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), a bhfuil easpa oibrithe orthu agus na scileanna cearta acu. Tugtar faoi deara inti gur féidir leis na Ballstáit, le comhpháirtithe sóisialta agus leis an Aontas rochtain ar dheiseanna forbartha scileanna a éascú do bhainisteoirí, d'fhostaithe agus do bhunaitheoirí féideartha FBManna, agus go háirithe do mhná. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le todhchaí digiteach na hEorpa a mhúnlú, cuirtear i dtreis gur cuid lárnach den fhís fhoriomlán don chlaochlú digiteach san Eoraip í scileanna a fheabhsú agus go bhfuil níos mó ná an margadh saothair i gceist leis sin. Cuirtear i dtreis inti freisin go gcaithfidh an t-aistriú digiteach a bheith cothrom agus cóir agus nach mór dó mná a spreagadh le bheith páirteach go hiomlán ann.

---

<sup>1</sup> Maidir le seoladh Chomhshocrú do Scileanna, féach an teachtaireacht ón gCoimisiún in 6782/20, lgh. 11-12.

9. Is den tábhacht go mbeadh creat straitéiseach ann amach anseo do chomhar an Aontais san oideachas agus san oiliúint don tréimhse tar éis 2020 d'fhonn comhar rathúil agus éifeachtúil an Aontais a áirithiú i réimse an oideachais agus na hoiliúna. Is den tábhacht creat cuimsitheach de chuid an Aontais ina gcuimsítear gach cineál agus gach leibhéal oideachais agus oiliúna chun an fhoghlaim leanúnach, chuimsitheach ar feadh an tsaoil a chothú agus chun conairí foghlama solúbtha agus inoiriúnaithe a cheadú.
10. Sna tuarascálacha idirnáisiúnta ó UNESCO agus ECFE le déanaí cuirtear in iúl go bhfuil na freagairtí a bhfuil sé mar aidhm leo paindéim COVID-19 a shrianadh, go háirithe an scaradh sóisialta, tar éis cur as d'fheidhmiú na struchtúr sóisialta agus eacnamaíoch agus go bhfuil tionchar suntasach á imirt acu ar chórais oideachais agus oiliúna.

DE BHRÍ gur fíor an méid seo a leanas:

11. Sular thosaigh ráig COVID-19 fiú, bhí tionchar á imirt ag an athrú aeráide, an domhandú, dúshlán dhéimeagrafacha agus ag an gclaoclú digiteach ar gheilleagar, ar thionscail agus ar mhúnla sóisialta an Aontais. Bhí éilimh scileanna á múnú ag na gnéithe uile sin mar a raibh poist á gcruthú agus á scriosadh agus mar a raibh cineál na ngairmeacha atá ann cheana á athrú. Mar gheall ar na hathruithe sin i riachtanais scileanna, tháinig éagothroime scileanna chun cinn in earnálacha éagsúla eacnamaíocha agus i roinnt limistéar geografach. Téann aistrithe den sórt sin i bhfeidhm ar gach cuid dár ngeilleagar agus dár sochaí.
12. Tá tionchar láidir diúltach á imirt ag ráig COVID-19 ar gheilleagar agus ar shochaí na hEorpa agus éilítear leis plean láidir téarnaimh. De bharr na géarchéime, tá béim anois ar an ról ríthábhachtach atá ag scileanna agus inniúlachtaí digiteacha d'fhonn leibhéal leordhóthanacha leanúnachais gnó a áirithiú do chuideachtaí agus do sheirbhísí a chuireann an riarachán poiblí ar fáil trí bhithin cianoibre agus chun oideachas agus oiliúint a thabhairt agus a fháil, chomh maith le híosleibhéal idirghníomhaíochta sóisialta. Ina theannta sin, mar gheall ar an ngéarchéim, tiocfaidh athrú ar an éileamh ar scileanna i margadh an tsaothair, margadh a bhfuil dúshlán os a comhair cheana féin mar gheall ar mhóraistrithe.

13. Tá feidhmiú foriomlán an gheilleagair, lena n-áirítear inbhuanaitheacht agus iomaíochas na dtionscal éagsúil agus na n-earnálacha eacnamaíocha éagsúla mar aon le ról agus áit an Aontais Eorpaigh sna slabhraí luacha domhanda ag brath ar lucht saothair cáilithe a oiliúint, a earcú agus a choinneáil. Beidh ar an Eoraip a áirithiú go bhforbróidh córais oideachais, oiliúna agus foghlama ar feadh an tsaoil bealaí le coinneáil suas agus le scileanna, eolas agus inniúlachtaí iomchuí, idir inaistrithe agus shonrach, a thabhairt do gach aon ghlúin d'oibrithe. Beidh ar na Ballstáit a áirithiú freisin go mbainfidh na réigiúin uile tairbhe as na hiarrachtaí sin agus nach bhfágfar aon duine ar lár, trína áirithiú go dtabharfar aird ar leith ar na críocha is lú forbairt agus ar ghrúpaí leochaileacha sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, go háirithe san fhoghlaim obairbhunaithe.
14. I measc rudaí eile, chuir ráig COVID-19 isteach freisin ar sholáthar foirmiúil agus neamhfhoirmiúil an oideachais agus na hoiliúna tosaigh agus leanúnaigh mar aon le seirbhísí gaolmhara agus tionchar an-mhór ag an méid sin orthu siúd a bhfuil cúlra faoi mhíbhuntáiste nó riachtanais speisialta acu agus orthu siúd atá i gceantair iarghúlta; léirigh sí go minic freisin gur gá acmhainneacht a fhorbairt agus a áirithiú – i dtaobh bonneagair agus scileanna - chun leas ceart a bhaint as teicneolaíocht na cumarsáide; agus léirigh sí go gcaithfear neamhspleáchas na bhfoghlaimoirí a fheabhsú.
15. Le ráig COVID-19, cuireadh iallach ar go leor daoine aonair, eagraíochtaí poiblí, institiúidí oideachais agus gnólachtaí dul i muinín na teicneolaíochta digití de léim agus úsáid a bhaint as modhanna éagsúla cianoibre, ciantegaisc agus cianfhoghlama, rud a dhaingníonn gur gnéithe ríthábhachtacha den fhoghlaim ar feadh an tsaoil iad scileanna digiteacha.
16. Is féidir glacadh leis go mbeidh tionchar suntasach agus fadtéarmach ag paidéim COVID-19 ar riachtanais scileanna agus ar chomhbhailiú na héagothroime reatha i scileanna. Léiríonn an ghéarchéim go bhfuil sé riachtanach infheistíocht leathan a dhéanamh san oideachas agus san oiliúint i ngach earnáil, d'fhonn athléimneacht gheilleagar agus shochaí an Aontais Eorpaigh a chothú.

17. Is doras isteach an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá ag gach duine aonair ar an bhforbairt phearsanta, ar an tsaoránacht ghníomhach, ar an infhostaitheacht, ar an dea-bhail, ar an rathúnas agus ar an bhfás pearsanta. De dheasca athrú méadaitheach ar phoist agus patrúin oibre sholúbtha a bheith ag éirí níos coitianta, ní mór a bheith ag foghlaim, ag uas-sciliú agus ag athsciliú de shíor i ngach áit agus ar bhealaí éagsúla lena gcuirtear ar chumas oibríthe agus gnólachtaí araon an nuálaíocht a chruthú agus a chothú.

Sular thosaigh ráig COVID-19, rinneadh tomhas go mbeadh ar an leathchuid den lucht saothair a gcuid scileanna a uasdátú faoi cheann cúig bliana, agus tá fianaise ann gurb iad na daoine is mó is gá sin a dhéanamh na daoine is lú fonn páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí uas-scilíthe<sup>2</sup>.

18. Is dúshlán ollmhór é daoine fásta a athsciliú agus a uas-sciliú óir is beag fós an méid acu a bhíonn páirteach i ngníomhaíochtaí foghlama. Is ann fós do neamhionannas rochtana agus soláthair maidir le hoideachas agus oiliúint ardchaighdeán do dhaoine fásta, go háirithe i measc daoine fásta íseal-scilíthe óna dteastaíonn dlúth-thacaíocht go mbeidh siad rannpháirteach i bhfoghlaim lena bhféadfaí a gcás a athrú go héifeachtach. Ba cheart lámh chuidithe a thabhairt dóibh trí bhíthin feachtais dhea-eagraithe chun iad a chur ar an eolas faoi na riachtanais athraitheacha sa mhargadh saothair. Ba cheart iarracht níos mó a dhéanamh rannpháirtíocht na ndaoine faoi mhíbhuntáiste go sóisialta a áirithiú, agus a chur ar a gcumas dul isteach sa mhargadh saothair, dul ar ais isteach ann nó fanacht ann ionas nach gcaillfidh siad a gcuid scileanna agus go dtacófar le forbairt a ngairme.
19. I bhfianaise na n-éileamh fostaíochta atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, tá sé ríthábhachtach úsáid a bhaint as iomlán an díorma thréithigh atá ar fáil. Ní mór a bheith dícheallach agus mná agus fir araon a dhreasú chun go mbreathnóidh siad ar an athsciliú agus ar an uas-sciliú in earnálacha nach iondúil dóibh a bheith ag obair iontu.

---

<sup>2</sup> OECD (2020), *Increasing Adult Learning Participation: Learning from Successful Reforms, Getting Skills Right*, [Rannpháirtíocht san Foghlaim Aosach a Mhádú: ag Foghlaim ó Athchóirithe Rathúla, Scileanna mar is Ceart],/ OECD Publishing, , Páras, <https://doi.org/10.1787/cf5d9c21-en>.

20. Sna tuarascálacha de réir tíre a chuirtear i dtoll a chéile faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh, tugtar léargas mionsonraithe ar na dúshláin ó thaobh scileanna de sna Ballstáit, agus tugtar leideanna leis na moltaí tírshonracha faoi cad é mar is féidir freagairt ar na dúshláin sin, go háirithe maidir leis an ngá an lucht saothair a uas-sciliú agus a athsciliú, leibhéal na scileanna agus na n-inniúlachtaí a ardú go háirithe dóibh siúd a bhfuil cáilíochtaí foirmiúla ísle acu, roghanna sásúla gairmiúla a sholáthar do chách, agus ábharthacht margaidh saothair an oideachais agus na hoiliúna a mhéadú.
21. Trí bhíthin beartais éifeachtacha agus bearta tacaíochta lena ndéantar for-rochtain, comhairleoireacht agus treoraíocht ar feadh an tsaoil, cabhraítear le mná agus le fir a bheith spreagtha, a gcuid scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt, páirt a ghlacadh i bpróisis bhailíochtaíthe i gcomhréir leis na córais náisiúnta agus aghaidh a thabhairt ar na bealaí foghlama is iomchuí chun a gcuid scileanna a fhorbairt a thuilleadh.
22. Tá ganntanas lucht saothair oilte in a lán earnálacha agus/nó réigiún agus ní mór iomaíochas na bhfiontar agus infhostaitheacht na n-oibrithe a mhéadú, lena n-áirítear le linn agus tar éis phaindéim COVID-19. Sa chomhthéacs sin, ní foláir breathnú ar cad é mar is féidir rannpháirtíocht daoine aonair agus fostóirí araon a mhéadú i bhforbairt scileanna.
23. Is i bpáirt le chéile a roinneann an earnáil phoiblí, na comhpháirtithe sóisialta, fostóirí, daoine aonair agus daoine eile nach iad cúram na foghlama ar feadh an tsaoil. Is é an ról ar leith atá ag an earnáil phoiblí foirmeacha éifeachtacha oideachais agus oiliúna a chur ar fáil agus tacaíocht airgeadais agus neamhairgeadais a chur ar fáil d'fhorbairt agus d'aitheantas scileanna. Tá ról lárnach ag fostóirí agus is iad atá freagrach fosta as a gcuid fostaíthe a uas-sciliú agus a athsciliú nuair a tharlaíonn sé go bhfuil scileanna nua agus inniúlachtaí nua de dhíth orthu, chomh maith le foghlaim obairbhunaithe agus tréimhsí oiliúna a chur ar fáil. Cé go bhfuil sé rithábachtach go bhfaighfear tacaíocht ón earnáil phoiblí agus ó fhostóirí, caithfidh daoine aonair glacadh leis freisin go bhfuil siad féin freagrach as a bheith páirteach san fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Sa chomhthéacs sin, ba cheart tuilleadh airde a thabhairt ar na deacrachtaí a bhíonn ag na daoine is leochailí maidir le rochtain a fháil ar uirlisí agus ar acmhainní.

24. Tá an t-éileamh ar sheirbhísí poiblí fostaíochta agus ar eagraíochtaí poiblí ábhartha eile ag dul i méid i ndáil le tacaíocht d'uas-sciliú, d'athsciliú, do chosc cailte scileanna agus do ghníomhaíochtaí eile foghlama ar feadh an tsaoil agus i ndáil le haistrithe a bhainistiú freisin, chomh maith leis na ngá atá lena gcomhar feabhsaithe le soláthraithe oideachais agus oiliúna, agus aird ar leith á tabhairt ar fhoghlaim nuashonraithe a sholáthraíonn soláthraithe aitheanta oiliúna, institiúidí oideachais agus ardáin ar líne a mhéid a bhaineann le hoiliúint, lena n-áirítear cianfhoghlaim agus ríomhfhoghlaim. Tá sé ríthábhachtach acmhainneacht agus riachtanais scileanna a bhíonn ag cliaint a aimsiú ar bhealach níos fearr, lena n-áirítear trí phróifiliú, chun bonn na gcliant a leathnú i measc cuardaitheoirí poist agus fostóirí araon, agus chun tacaíocht shaincheaptha agus seirbhísí gairmthreorach a fheabhsú agus a fhairsingiú. D'fhéadfadh seirbhísí poiblí fostaíochta, seirbhísí príobháideacha fostaíochta agus comhpháirtithe sóisialta tacú le fostóirí agus iad ag lorg bealaí chun scileanna a lucht saothair a mhéadú, agus le daoine aonair ar mian leo a n-infhostaitheacht agus a n-ionchais ghairme a mhéadú.
25. Tá réamhaisnéis scileanna agus tuar scileanna thar a bheith tábhachtach maidir le pleanáil an tsoláthair oideachais agus oiliúna lena n-áirítear comhar agus líonrú idir fostóirí agus comhpháirtithe sóisialta, comhlachais tráchtála, soláthraithe oideachais agus oiliúna agus eagraíochtaí ábhartha eile.
26. Léirítear sa nuashonrú a rinneadh ar an bhFardal Eorpach maidir le bailíochtú na foghlama neamhfhoirmiúla agus na foghlama neamhfhoirmiúla (2018) a foilsíodh in 2020 go bhfuil méadú tagtha ar sholáthar na ndeiseanna bailíochtaithe ach nach mór tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh chun an bailíochtú a chur ar fáil agus rochtain a thabhairt ar an mbailíochtú sin do na tairbhíthe uile a d'fhéadfadh a bheith ann.

## DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí, agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh, agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:



27. A nDÍCHEADL A DHÉANAMH CHUN A ÁIRITHIÚ go mbeidh mar chuid de na pleananna téarnaimh i ndáil le géarchéim COVID-19 cur chuige straitéiseach i dtaca le hathsciliú agus uas-sciliú, lena n-áirítear anailís, forbairt agus aithint scileanna trína ndéanfar téarnamh eacnamaíoch agus comhtháthú sóisialta, chomh maith le bearta chun oideachas agus oiliúint a oiriúnú de bhun na gceachtanna a foghlaimíodh le linn na géarchéime;
28. Malartuithe idirnáisiúnta agus dea-chleachtais maidir le bearta uas-scilithe agus athscilithe A CHOMHROINNT agus a chur chun cinn i measc institiúidí ábhartha oideachais agus oiliúna, tionscal, fiontraithe, mic léinn, foghlaimeoirí, múinteoirí, oiliúnóirí agus geallsealbhóirí ábhartha eile;
29. DLÚS A CHUR le beartais foghlama ar feadh an tsaoil mar fhreagairt ar an aistriú teicneolaíoch agus glas agus tionscnaimh inrochtana éifeachtacha solúbtha A CHUR CHUN CINN AGUS CHUN FEIDHME le haghaidh daoine aonair agus fostóirí, ar tionscnaimh iad sin a bhaineann leis an obair, chun an lucht saothair a athsciliú agus a uas-sciliú, feabhas a chur ar a bhforbairt leanúnach, idir phearsanta agus ghairmiúil, agus ar a n-infhostaitheacht agus a dtáirgiúlacht, agus an geilleagar Eorpach a choimeád inbhuanaithe agus iomaíoch i gcomhthéacs margadh saothair dinimiciúil agus athruithe suntasacha atá ag tarlú faoi láthair maidir le próisis sa timpeallacht ghnó agus sa tseirbhís phoiblí, go háirithe mar gheall ar an digitiú, ar an intleacht shaorga agus ar an uathoibriú, mar aon le dúshlán dhéimeagrafacha agus chomhshaoil, géarchéimeanna sláinte agus mór-ghéarchéimeanna eile;
30. Tuilleadh éagsúlaithe a CHUR CHUN CINN, nuair is iomchuí, i modhanna seachadta an oideachais agus na hoiliúna, idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, le haghaidh daoine fásta, mar aon le tionscnaimh uas-scilithe agus athscilithe, seirbhísí comhairleoireachta agus bailíochtaithe, trí na bonneagair ábhartha a fhorbairt a thuilleadh agus a bhunú, agus trí sholáthar cúrsaí nó gníomhaíochtaí foghlama ar feadh an tsaoil a dhéantar ar an láthair a chomhlánú agus/nó a ionadú le soláthar na nithe sin ar líne; sa chomhthéacs sin, d'fhéadfaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ról na foghlama obairbhunaithe agus na gcóras meantóireachta sa láthair oibre;
31. TUILLEADH GNÍOMHAÍOCHTA A DHÉANAMH chun freagairt ar an Moladh ón gComhairle an 20 Nollaig 2012 maidir le foghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a bhailíochtú, go háirithe trí shocruithe bailíochtaithe a dhéanamh atá níos cuimsithí agus ar fusa iad a rochtain, ag tógáil ar thorthaí na meastóireachta a dhéanfar ar an Moladh amach anseo;

32. TACÚ LE daoine aonair agus an cúram á thabhairt chucu féin as forbairt leanúnach a gcuid scileanna agus a gcuid inniúlachtaí agus as leibhéal níos airde oideachais a bhaint amach, trí rochtain a sholáthar ar sheirbhísí atá pearsantaithe agus ábhartha don duine aonair, amhail gairmthreoir agus bainistíocht ghairme ar feadh an tsaoil, measúnú gairme aonair san áit oibre, deiseanna oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin do chách agus go háirithe dóibh siúd is mó ar a bhfuil sé de dhíth, lena n-áirítear daoine ar bheagán oiliúna. Soláthar iomchuí an mhéid a leanas A CHUMASÚ: conairí foghlama agus deiseanna bailíochtaithe scileanna, uirlisí éifeachtacha do mheasúnú sainoiriúnaithe scileanna, dreasachtaí díreacha airgeadais nó cabhair indíreach amhail saoire le pá, agus tacaíocht speisialta do FBManna agus do dhaoine féinfhostaithe;
33. Faireachán ar scileanna agus réamhaisnéis scileanna A FHEABHSÚ AGUS CUR LE bailiú agus anailisiú sonraí córasach le haghaidh tuar, forbairt, seachadadh agus aithint scileanna; sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach LEANÚINT d'fhorbairt agus cur chun feidhme na n-uirlisí is gá chun riachtanais an mhargaidh saothair agus na seirbhísí poiblí a bheidh ann amach anseo a thuar;
34. TACÚ LE seirbhísí fostaíochta poiblí agus príobháideacha agus, i gcás inar gá, a n-acmhainneachtaí a mhéadú ó tharlaíonn go bhfuil ról lárnach acu maidir le héileamh scileanna agus soláthar scileanna a mheaitseáil, i gcomhar le hearnáil an oideachais agus na hoiliúna, agus go mbeidh ról ríthábhachtach acu sa téarnamh;
35. BREATHNÚ AR shamhlacha féideartha maoiniúcháin phoiblí agus phríobháidigh le haghaidh foghlaim ar feadh an tsaoil agus forbairt scileanna ar leibhéal an duine aonair, ós rud é go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le cistiú inbhuanaithe i gcomhthéacs an ghanntanais lucht saothair oilte, agus aird ar leith a thabhairt ar ghrúpaí leochaileacha agus ar oibrithe ar bheagán oiliúna;
36. rannpháirtíocht ghníomhach na ngeallsealbhóirí uile a CHUR CHUN CINN amhail cuideachtaí, riaracháin ar leibhéal éagsúla, réigiúin agus earnálacha, comhpháirtithe sóisialta, comhlachais tráchtála, tionscail agus ceirdeanna, soláthraithe oideachais agus oiliúna agus comhpháirtithe ábhartha eile atá i mbun gnímh, lena n-aithneofar dúshláin scileanna agus lena ndéanfar deiseanna de na dúshláin sin;

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH, i gcomhréir lena inniúlachtaí:

37. go leanfadh uas-sciliú agus athsciliú leanúnach lucht saothair agus, i gcoitinne, shaoránaigh na hEorpa ina n-iomláine DE BHEITH INA THOSAÍOCHT ar chlár oibre an Aontais;
38. Go ndéanfaí, i gcomhréir leis an prionsabail a chumhdaítear i gColún na gCeart Sibhialta an 'Clár Oibre Scileanna don Eoraip' A NEARTÚ AGUS A THABHAIRT COTHROM LE DÁTA chun tacú leis na Ballstáit agus córais oideachais agus oiliúna atá ábhartha don mhargadh saothair agus deiseanna inrochtana uas-scilithe agus athscilithe á mbunú acu do gach duine fásta, agus béim ar leith ar scileanna digiteacha agus ar scileanna oiriúnaithe d'aistrithe, lena n-áirítear bailíochtú agus trédhearcacht na dtorthaí foghlama, agus cuidiú freisin le go dtacóidh an beartas scileanna leis an téarnamh ó ghéarchéim COVID-19;
39. D'fhonn gur fearr a bheidh soláthar scileanna ag freastal ar éileamh do scileanna, LEANÚINT DE THACAÍOCHT A THABHAIRT do sheirbhísí poiblí fostaíochta agus, i gcás inar gá, acmhainneacht na seirbhísí sin a neartú, lena n-áirítear trí acmhainní cuí airgeadais a chur ar fáil;
40. I gcomhthéacs na Straitéise Tionsclaíochta Nua don Eoraip, straitéisí scileanna laistigh den tionscal é féin A CHOMHCHRUTHÚ AGUS A CHOMHDHEARADH i gcomhar le soláthraithe oideachais agus oiliúna mar aon le comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí eile;
41. I gcomhar leis na coistí ábhartha clársceidealaithe, úsáid níos fearr A CHUR CHUN CINN i ndáil leis na hacmhainní atá ar fáil cheana faoi na hionstraimí airgeadais Eorpacha, eadhon Ciste Sóisialta na hEorpa, Erasmus + agus InvestEU, lena n-áirítear leithdháiltí do ghníomhaíochtaí atá dírithe ar thuar, forbairt agus aithint scileanna, agus béim ar leith á leagan ar uas-sciliú agus athsciliú an lucht saothair, agus aird á tabhairt ar chomhionannas inscne, ar inbhuanaitheacht chomhshaoil, ar an ngá le comhtháthú críochach a chothú agus, ar an gcaoi sin, éagothromaíochtaí geografacha a laghdú, agus béim freisin ar an tacaíocht is gá a thabhairt don téarnamh ó COVID-19 go háirithe i gcás oibríthe FBManna agus iad siúd atá féinfhostaithe;

42. TACÚ LE tionscnaimh lena neartófar an t-idirphlé sóisialta sna Ballstáit laistigh den chlár oibre scileanna, i bhfianaise an róil thábhachtaigh a imreoidh na comhpháirtithe sóisialta in uasghrádú agus i bhforbairt scileanna, agus na tionscnaimh sin A CHUR CHUN CINN;
43. TACÚ LE gníomhaíocht na mBallstát chun ciansoláthar oideachais agus oiliúna a bheidh inrochtana gan stró a bhunú, mar aon le deiseanna uas-scilithe agus athscilithe, agus seirbhísí gaolmhara, agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh.

#### IARRANN SÍ AR AN gCOISTE FOSTAÍOCHTA:

44. an fhaisnéis atá ar fáil maidir le hardoideachas, gairmoideachas, gairmoiliúint agus foghlaim aosach A ÚSÁID ina chuid oibre sa Seimeastar Eorpach um riachtanais agus meaitseáil scileanna;
45. LEANÚINT den fhaireachas téamach iltaobhach tírshonrach, i gcás inarb iomchuí, ar fheidhmíocht agus ar bheartais na mBallstát maidir le forbairt scileanna, foghlaim ar feadh an tsaoil, uas-sciliú agus athsciliú; sa chomhthéacs sin, is den tábhacht idirphlé níos fearr a chothú le saineolaithe i réimse an oideachais agus oiliúna, agus leas a bhaint as an saineolas sin.

#### IARRANN SÍ AR NA COMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA, agus a neamhspleáchas á urramú go hiomlán, féachaint céard a d'fhéadfaí a dhéanamh chun:

46. an t-idirphlé A NEARTÚ ar an leibhéal náisiúnta agus earnálach, agus an caidreamh tionsclaíoch agus na cleachtais oideachais agus oiliúna sna Ballstáit aonair á gcur san áireamh, féachaint an bhféadfaí an infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a fhorbairt a thuilleadh, go háirithe i dtaca le bearta luatha, agus dreasachtaí agus uirlisí chun uas-sciliú/athsciliú an lucht saothair a chur chun feidhme, lena n-áirítear béim ar thiomantas pearsanta agus ar iarrachtaí chun oibriú le micrifhiontair agus le fiontair bheaga agus mheánmhéide ar dócha nach bhfuil an acmhainneacht acu tacú le forbairt na scileanna laistigh de na fiontair iad féin;

47. LEANÚINT DE BHEITH AG OBAIR ar chuir chuige shaincheaptha i leith na foghlama ar feadh an tsaoil agus na gairmthreorach/na forbartha gairme san ionad oibre, agus an comhar á neartú freisin le soláthraithe oideachais agus oiliúna agus leis na líonraí fostaíochta, treorach agus seirbhísí sóisialta atá ann cheana. D'fhéadfadh na cuir chuige sin a bheith saincheaptha do ghairmeacha nó d'earnálacha sonracha ar leith agus ba cheart solúbthacht a chur ar fáil leo agus go gcuirfí cothromaíocht oibre agus saoil na n-oibrithe atá rannpháirteach san fhoghlaim san áireamh;
48. TUILLEADH OIBRE A DHÉANAMH i ndáil le tuar, forbairt agus aithint scileanna.
-

**Tagairtí:****1. Institiúidí an Aontais Eorpaigh**

- Colún Eorpach na gCeart Sóisialta

[https://ec.europa.eu/commission/sites/beta-political/files/social-summit-european-pillar-social-rights-booklet\\_en.pdf](https://ec.europa.eu/commission/sites/beta-political/files/social-summit-european-pillar-social-rights-booklet_en.pdf)

**1a. An Chomhairle Eorpach**

- An Clár Oibre Straitéiseach Nua 2019-2024, arna ghlacadh 20 Meitheamh 2019

**2. An Chomhairle**

- Moladh ón gComhairle an 20 Nollaig 2012 maidir leis an bhfoghlaím sheachfhoirmiúil agus an fhoghlaím neamhfhoirmiúil a bhailíochtú, IO C 398, 22.12.2012, lch. 1
- Moladh ón gComhairle maidir le conairí uas-scilithe: deiseanna nua do dhaoine fásta, IO C 484, 24.12.2016, lch. 1-6
- Conclúidí ón gComhairle maidir lena bhfuil i nDán don Obair: An ríomhobair a éascú (15506/17)
- Conclúidí ón gComhairle maidir le todhchaí na hoibre: cur chuige saolré (10134/18)
- Cinneadh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le hinniúlachtaí lárnacha d'fhoghlaím ar feadh an tsaoil (2018/C 189/01), IO C 189, 4.6.2018, lch. 1
- Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ról lárnach atá ag beartais foghlama ar feadh an tsaoil chun sochaithe a chumhachtú chun aghaidh a thabhairt ar an aistriú teicneolaíoch agus glas lena dtacófar leis an bhfás cuimsitheach inbhuanaithe (13282/19)
- Conclúidí ón gComhairle maidir le margaí saothair uilechuimsitheacha: fostaíocht a fheabhsú do dhaoine atá i staid leochaileach sa mhargadh saothair (14945/19)
- Cinneadh (AE) 2019/1181 ón gComhairle an 8 Iúil 2019 maidir le treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát, IO L 185, 11.7.2019, lch. 44-45

### 3. An Coimisiún Eorpach

- Teachtaireachtaí ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún:
  - *The European Green Deal* [Comhaontú Glas don Eoraip] (COM(2019) 640 final)
  - *A Strong Social Europe for Just Transitions* [Eoraip láidir shóisialta d'aistrithe córa ] (COM(2020) 14 final)
  - *Shaping Europe's digital future* [Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú] (COM(2020) 67 final)
  - *A New European Agenda for Culture* [Clár Oibre nua Eorpach don Chultúr] (COM(2020) 102 final)
  - *An SME Strategy for a digital and sustainable Europe* [Straitéis FBM d'Eoraip dhigiteach, inbhuanaithe](COM(2020)103 final)
  - *A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: an Straitéis Comhionannais Inscne 2020-2025] (COM (2020) 152 final)
  - *A New Skills Agenda for Europe* [Clár Oibre Nua Scileanna don Eoraip] (COM (2016) 381 final)
  - *Strengthening European Identity through Education and Culture* [An Fhéiniúlacht Eorpach a neartú trí Oideachas agus Cultúr] (COM (2017) 673 final)
  - *Building a stronger Europe: the role of youth, education and culture policies* [Eoraip níos láidre a thógáil: an ról atá ag beartais i leith daoine óga, oideachais agus cultúir] (COM (2018) 268 final)
- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir, (COM (2020) 22 final)
- Seimeastar Eorpach 2020: Tuarascálacha tíre (6395/1/20)

### 4. Foilseacháin eile de chuid an Aontais

#### Eurofound:

(2020) *Game-changing technologies: Transforming production and employment in Europe:* [Teicneolaíochtaí ceannródaíocha: an táirgeadh agus an fhostaíocht a chlaohlú san Eoraip]

[https://www.eurofound.europa.eu/sites/default/files/ef\\_publication/field\\_ef\\_document/ef19047en.pdf](https://www.eurofound.europa.eu/sites/default/files/ef_publication/field_ef_document/ef19047en.pdf)

Cedefop:

(2020) *Empowering adults through upskilling and reskilling pathways* [Aosaigh a chumhachtú trí chonairí uas-scilithe agus athscilithe]

<https://www.cedefop.europa.eu/en/publications-and-resources/publications/3081>

(2018) *Validation Non-formal and Informal Learning* [Bailíochtú na Seachfhoghlama agus na Foghlama Neamhfhoirmiúla]

<https://www.cedefop.europa.eu/en/events-and-projects/projects/validation-non-formal-and-informal-learning/european-inventory>

Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa:

Tuairim SOC/629 maidir le "Cistiú inbhuanaithe le haghaidh foghlaim ar feadh an tsaoil agus forbairt scileanna, i gcomthéacs ganntanas oibrithe oilte a bheith ann" (Tútuairim arna hiarraidh sin d'Uachtaránacht na Cróite)

<https://www.eesc.europa.eu/ga/our-work/opinions-information-reports/opinions/sustainable-funding-lifelong-learning-and-development-skills-context-shortage-skilled-labour-exploratory-opinion-request>

An tAirmheán Comhpháirteach Taighde:

(2019) *The changing nature of work and skills in the digital age* [Cineál athraitheach na hoibre agus na scileanna sa ré dhigiteach]

<https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/508a476f-de75-11e9-9c4e-01aa75ed71a1/language-ga>

An Coiste Comhairleach um Ghairmoiliúint:

(2018) *Opinion on The future of vocational education and training post 2020* [Tuairim maidir lena a bhfuil i ndán don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint tar éis 2020]

<https://ec.europa.eu/social/main.jsp?langId=en&catId=89&newsId=9263&furtherNews=yes>

(2018) *Promoting adult learning in the workplace - Final report of the ET 2020* [An fhoghlaim aosach a chur chun cinn san ionad oibre - Tuarascáil deiridh ET 2020 Meitheal 2016 – 2018 um an bhFoghlaim Aosach]

<https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=738&langId=ga&pubId=8112&furtherPubs=yes>

An Coiste Fostaíochta:

Príomhtheachtaireachtaí an Choiste Fostaíochta (6812/20)



## 5. Eile

### *Ardán don Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil*

(2019) páipéar seasaimh maidir le timpeallachtaí foghlama an 21ú aois

<http://lllplatform.eu/lll/wp-content/uploads/2019/10/LLLP-Position-paper-21CLE.pdf>

### *ECFE*

(2020) An Rannpháirtíocht san Fhoghlaim Aosach a Mhéadú: *Learning from Successful Reforms, Getting Skills Right*, [An Rannpháirtíocht san Fhoghlaim Aosach a Mhéadú: ag Foghlaim ó Athchóirithe Rathúla, Scileanna mar is Ceart] OECD Publishing, Páras

<https://doi.org/10.1787/cf5d9c21-en>.

(2020) *A Framework to guide an education response to the Covid-19 Pandemic* [Creat chun an fhreagairt oideachasúil ar phaindéim Covid-19 a threorú]

[https://read.oecd-ilibrary.org/view/?ref=126\\_126988-t63lxosohs&title=A-framework-to-guide-an-education-response-to-the-Covid-19-Pandemic-of-2020](https://read.oecd-ilibrary.org/view/?ref=126_126988-t63lxosohs&title=A-framework-to-guide-an-education-response-to-the-Covid-19-Pandemic-of-2020)

### *UNESCO*

<https://en.unesco.org/covid19/educationresponse>